

AN GHAEILGE I dTUAIISCEART NA CATHRACH

LE PADRAIGH Ó CUANACHÁIN

Ní minic a thugtear anois go raibh an Ghaeilge beo i dTuaisceart na Cathrach thusa go dtí aimsir an Ghorta Mhóir 1845-1848.

GAN amhras, b' é an ghorta sin agus an fiabhras a tháinig leis ba chúis le bás na mflte duine sa cheantar sin- daoine bochta go raibh an Ghaeilge go líofa acu. Ach fiú i ndiaidh an ghorta, do lean an Ghaeilge mar teanga beo i measc go leor daoine bochta agus tá an fianise sin le fáil san leabhar a scríobh Sean Beecher "An Ghaeilge in Cork City". B'fhiú an leabhar sin a léamh chun léargas a fháil ar chúrsaí fé mar a bhí sa 19ú Céad. Gan amhras, do tháinig meath tubaisteach ar an dteanga ar a lán fáthanna ach b'fheidir gurb é an príomh fáth ná gur scriosadh féin-mheas na ndaoine mar thoradh ar an slad a dhein an ghorta.

Tá go leor ainmneacha i nGaeilge i dTuaisceart na Cathrach a bhí in úsáid go coitianta i measc seandaoine na háite suas go dtí tamall gearr ó shin. Ina measc, bhí "Crosaire na Spailpíni" i lár Sráid an tSeandúna, "Gabhal an Spora" ag bun Sráid an tSeandúna, "Cnoc na mBacach" an sean ainm a bhí ar Chnoc Bhaile Átha Cliath, "Droichidín Briste", in aice le Lána Hannon, "Bóithrín Dearg" i Ráth Préacháin, "Margadh an Aitinn" in aice le Lána Baileys agus mórrán eile.

Do tháinig athbheochaint nua sa bhliain 1893 nuair a bhunaíodh Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Bhí Corcaigh go mór chun tosaigh san athbheochaint nua agus gan amhras, bhí tuaisceart na Cathrach mar chuid tábhachtach den iarracht nua. Bhí craobh de Chonradh na Gaeilge sa Linn Dubh agus bhí fear a thuill clú agus cál ina dhiaidh sin mar ceann dos na ceannairí air. B'in é Tomás Mac Curtáin a bhí gníofach ag Cogadh na Saoirse agus a dúnmharafodh ina thigh féin san áit ina bhfuil Centra anois ag Droichead na Linne Duibhe nuair a bhí sé ina Árdmhéara ar Cathair Chorcaí.

Ba é Conradh na Gaeilge sa Linn Dubh a spreag go leor daoine, ní h-amháin chun suim a chur i gcúrsaí an Teanga Náisiúnta, ach freisin i gluaisceacht na saoirse. ndiaidh bunú an stáit seo, cuireadh an Ghaeilge á míneadh i ngach aon scoil sa tír agus gan amhras, i ngach aon scoil i dTuaisceart na Cathrach freisin. Ar ndóigh, ceantar reasúnta bheag a bhí ann ag an am mar ní raibh Gearán na mBráthar nó Fearann Rí tóigthe ag an am ach bhí scoileanna a dhein neart oibre chun an Ghaeilge a thabhairt dos na páistí mar teanga bheo – an Mhainistir Thuaidh, Clochar Naoimh Uinsinn, Clochar na Toirbhíre agus Scoil na mBráthar i Sráid na mBlárna.

Bhí dearcadh náisiúnta ag an Mhainistir Thuaidh sar a bhunaíodh an Stáit seo agus bhf Tomás Mac Curtáin féin agus Traolach mac Suibhne ag freastal ar an scoil sin. Is díol spéise é freisin go raibh an iar-Thaoiseach Seán Ó Loinsigh, mar scoiláire ann agus sa rang céanna, bhí Seán Ó Riordáin, an file, a bhí ag obair ar feadh a shaoil le Bárdas Chorcaí mar Chléireach agus ag scríobh a lán dánta cáiliúla cosúil le "Cúl an Tf".

San am atá ann fé láthair, is beag seans go bhfaidheadh an Ghaeilge bás i dTuaisceart na Cathrach. Tá Gaelscoileanna (scoileanna ina míntear gach ábhar i nGaeilge) i nGort Álainn agus Gaelscoil Peig Sayers a bhí tráth i gClub na bPiarsach ach



Seán Ó Riordáin

atá anois lonnaithe go sealadach sa Mhainistir Thuaidh. Tá Gael Choláiste sa Mhainistir Thuaidh freisin, (Meanscoil ina míntear gach ábhar trí Gaeilge) agus go bhfuil freastal 250 dalta ann i láthair na huaire faoi stídir an Príomhoide Dómhnall Ó Gráda, fear a bhain clú agus cál amach mar Bhainisteoir ar Foireann Iomána Chontae Chorcaí. Agus cé go bhfuil sé beagáinín lastuaidh uainn ó tá Gaelscoil nua, Gaelscoil Mhuscraí bunnaithe anois do ceanntar na Blárnan. Gan amhras, 'sf an Ghaeilge an teanga is ársa i measc teangacha na hEorpa atá fós beo, agus dá bhrí sin, ní amháin go mbaineann sí leis an tir seo, ach freisin baineann sí le hOidhreacht na hEorpa ar fad. Go maire sí slán!

Summary

THE Irish language was commonly spoken among the poorer people, not just up to the time of the famine, but for many decades afterwards. Because so many of those who died during the famine were of the poorer classes (estimated at over one million) and associated with the poor house and the paupers grave: the speedy decline of the Irish language, began around that time. Fortunately, the establishment of the Gaelic league in 1893 led to a new revival. A branch of the Gaelic league was set up in the Blackpool area of Cork city. One of its most prominent members was Tomás MacCurtáin who subsequently became Lord Mayor of Cork, and was assassinated by British agents in his own home in 1920. Following the establishment of the Irish state in 1921, Irish was taught in the local schools on the north side of the city: St Vincent's Convent and the North Monastery succeeded in educating many thousands of Irish speakers. Seán Ó Riordáin (probably one of the greatest modern Irish language poets) was a pupil of the North Monastery and the former Taoiseach Jack Lynch, was in his class. Today, the position of the Irish language is much brighter. TG4 and Radio na Gaeltactha, plus the foundation of Gaelscoileanna (all Irish schools) have brought about a situation, whereby the future of the Irish language is secure, not only in Cork city, but all over Ireland.